

Polasaí Iontrála Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin



1. Ginearálta

Cuireadh an polasaí seo i bhfeidhm ar aon dul le hAcht an Oideachais 1998, le hAcht Leasa Oideachais 2000 agus le hAcht Comhionannais Stádais 2000, le cabhrú le tuismitheoirí agus caomhnóirí dhaltaí atá ag freastal ar an scoil nó ar mhian leo freastal uirthi, a chur ar an eolas i dtaobh cúrsaí iontrála. Beidh an Príomhoide, mar rúnaí an Bhóird, sásta eolas breise a bhaineann leis an bpolasaí, a thabhairt.

Ba chóir an polasaí seo a léamh i dteannta:

- 1) Misean agus éiteas na scoile;
- 2) Polasaí Iompair na scoile;
- 3) Ráiteas Sábháilteachta na scoile;
- 4) Beartas i leith na Gaeilge;
- 5) Polasaí um Chosaint Eolais;
- 6) Polasaí Bainistiú Sonraí;
- 7) Sceideal um Choimeád Eolais;
- 8) Polasaí um Chosaint Leanaí na scoile, agus
- 9) An tAcht Oideachais 1998.

1.1. Ceangal le héiteas na scoile:

Is iarbhunscoil comhoideachasúil, ilchreidmheach í Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, atá ag feidhmiú faoi phátrún Bhóird Oideachais agus Oiliúna Chorcaí. 'Sí an fhoghlaim bunchloch Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Tugtar tacaíocht agus dúshlán don uile dalta faoina chúram barr a gcumas acadúil, pearsanta agus sóisialta a a bhaint amach i dtimpeallacht lán-Ghaelach ina dtugtar tús áite do mheas, cothromaíocht agus ionracas. Tugtar tús áite don Ghaeilge labhartha agus do chultúr na Gaeilge i ngach gné de shaol na scoile.

1.2. Scóip an Pholasaithe

Leagann an cháipéis seo amach polasaí Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin i leith clárúcháin sna cómhthéacsanna seo a leanas:

- a) Daltaí ag clárú sa Chéad Bhliain;
- b) Daltaí ar mhaith leo aistriú ó mheáskoileanna eile, ag iarraidh clárú i mbliainghrúpa;
- c) Daltaí a chuireann isteach ar bhliain scoile a dhéanamh faoi dhó.

1.3. Réasúnaíocht

Tá an polasaí seo i bhfeidhm chun go mbeidh sé ar chumas Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin coinní oiriúnacha a dhéanamh ar shlí oscailte agus trédhearcacha ar aon dul le misean an Ghaelcholáiste, agus ag comhlíonadh a riachtainí dlí.

1.4. Scaipeadh Eolais

Baineann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin feidhm as bealaigh oiriúnacha chun tuismitheoirí agus caomhnóirí a chur ar an eolas faoin scoil, a cláir, a himeachtaí agus a socraithe.

- 1) Eagraítear Lá Oscailte bliaintiuil;
- 2) Cuirtear fógra sa nuachtán áitiúil agus ar shuíomh idirlín na scoile ag fógairt dáta an Lae Oscailte;
- 3) Tugtar cuairt ar bhunscoileanna an cheantair agus tugtar cuireadh do leanaí, tuismitheoirí agus caomhnóirí teacht chun an Lae Oscailte;
- 4) Tugtar paca eolais faoin scoil do dhaltaí Rang a Cúig agus Rang a Sé, a

dhéanann tagairt ar leith do Pholasáí Iontrála an Ghaelcholáiste, agus bíonn siad ar fáil sa scoil ar an Lá Oscailte leis;

- 5) Fógraítear spriocdáta na n-iarrataisí ag na cuairteanna scoile, agus ag an lá oscailte;
- 6) Déantar áiteanna a thairiscint chomh fada le 21 lá tar éis an spriocdáta sin.

1.5. Cómhthéacs

Is iarbhunscoil comhoideachasúil, ilchreidmheach í Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin, atá ag feidhmiú faoi phátrún Bhóird Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.

- 1) Tugtar tús áite do chothromaíocht do chách maidir le rochtain agus rannphairtíocht san oideachas.
- 2) Tugtar meas ar éagsúlacht traidisiúin, luachanna, creidimh, teangacha agus slite beatha sa tsochaí.
- 3) Aithnítear an ceart atá ag tuismitheoirí/caomhnóirí a bpáiste a chur chuig a rogha scoile, i gcomhthéacs na n-achmhannaithe atá ar fáil ag Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin maidir le spás i seomraí, méid ranga, achmhainní teagaisc agus airgeadais agus maidir le cumas an choláiste freastal orthu siúd a dhéanann iarratas ar chlárúchán.
- 4) Muna bhfuil na hachmhainní cuí ag Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin chun freastal ar riachtanais dalta, déanfar gach iarracht gur féidir na hachmhainní sin a shaothrú. Munar féidir teacht orthu, tá seans nach mbeidh an tarna rogha ag an nGaelcholáiste ach an t-iarratas áirithe a dhúiltiú.
- 5) Tá Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin faoi bhainistíocht Bhóird Bainistíochta an Choláiste, atá faoi choimirce Bhóird Oideachais agus Oiliúna Chorcaí.
- 6) Tá Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Scileanna mar chuid den scéim oideachais saor.

2. Ábhar an pholasaithe

2.1. Próiseas Clárúcháin Chéad Bhliana

- 1) Déanfaidh an Bórd coinne maidir le dáta dúnaidh iarrataisí gach bliain.
- 2) Déanfar an próiseas iontrála, maraon leis an dáta dúnaidh seo, a fhógairt ar an nuachtán áitiúil, ar shuíomh idirlín na scoile agus sna bunscoileanna aitiúla roimh an Lá Oscailte gach bliain.
- 3) Beidh sonraí an dáta seo ar fáil ar an Lá Oscailte chomh maith.
- 4) Iarrtar ar gach tuismitheoir/caomhnóir foirm iarratais chlárúcháin chomhlíonta a chur chuig an Gaelcholáiste roimh an dáta dúnaidh.
- 5) Ní ghlacfar ach le hiarrataisí atá líonta ina n-iomlán agus go cruinn.
- 6) Déanfar tairiscint shealadach ar áiteanna chomh fada le 21 lá tar éis an dáta dúnaidh seo.
- 7) Tá sé mar choinníoll ag iarrathóirí agus a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí comhaontú i scríbhinn le polasaithe an choláiste. Cuirfear sonraí ceangaltáin na bpolasaithe seo amach i dteannta na dtairiscintí sealadacha. Iarrfar síntiús leabhair chéad bliana ar thuismitheoirí ar ghlacadh le háit sa choláiste dóibh. Tabharfar spriocdáta do ghlacadh na n-áiteanna nuair a dhéanfar an tairiscint shealadach.
- 8) Tugtar tús áite do chothromaíocht i bpolasaí iontrála Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin. Ní dhéanfar aon iarratas a dhiúltú ar bhonn cúiseanna a théann i gcoinne Aicht an Oideachais 1998, an Aicht Leasa Oideachais 2000 nó Aicht an Stádais Chomónta 2000.
- 9) Cé go n-athnítear cead an tuismitheora/chaomhnóra a leanbh a chur chuig a rogha scoile, is mian le bainistíocht Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin go mbeadh cothromaíocht i gceist idir an ceart seo agus ceart na ndaltaí atá cláraithe sa choláiste cheana. Ní féidir le haon choinne clárúcháin dul i gcoinnibh cearta dhaltaí cláraithe an Ghaelcholáiste. Bíonn an Bórd ag súil le coinní stuama bunaithe ar cheartas nádúrtha agus cleachtais trédhearcaithe.

2.2. Crítéir Chlárúcháin

Déanfaidh an Bórd Bainistíochta coinne faoi uasuímhír na ndaltaí a chlárófar sa Chéad Bhliain in aghaidh na bliana, ag cur critéir áirithe san áireamh (Tábla 1):

Tábla 1: Critéir a threoraíonn an uasuímhír daltaí a chláraítear:

- 1) Cultúr agus éiteas phobal na scoile;
- 2) Spás sna seomraí ranga, de réir riachtanaisí Sláinte agus Sábháilteachta;
- 3) Spás sna siúltaín agus in áiteanna sóisialta;
- 4) Deontais agus acmhainní a chuireann an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fáil;
- 5) Cumas an choláiste le freastal ar riachtanais oideachais leanaí;
- 6) Treoir na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le huasmhéid ranganna.

2.3. Dáileadh áiteanna

- 1) Sa chás go bhfuil éileamh níos mó ar chlarúchán ná méid na n-áiteanna atá ar fáil in aon bhliain amháin, usáidfear na critéir a leagtar amach i dTábla 2 thíos chun áiteanna a dháileadh.
- 2) Más gá roghnú a dhéanamh laistigh de roinn ar leith, tabharfar tús áite d'iarrathóirí a thagann ó theaghlaigh ina labhraítear an Ghaeilge. Iarrfar ar iarrthóirí agus ar a dtuismitheoirí/gcaomhnóirí é seo a chur in iúl ar an bhFoirm Iarratais agus féadfar a cheangal orthu líofacht an iarrthóra a léiriú chun sástachta an Bhoird más ar an mbonn sin a lorgaíonn siad tosaíocht. Más gá rogha a dhéanamh fós taobh istigh de roinn tar éis an tosaíocht seo a chur san áireamh, dáilfear na háiteanna trí chrannchur faoi stiúir ag scrúdaitheoir neamhspleách.
- 3) Cuirfear aon iarratas nár tairgíodh áit dó/di ar liosta feithimh ansin.
- 4) Cuirfear iarrathóirí i ngach catagóir eile ar liosta feithimh chomh maith, bunaithe ar chrannchur sa chatagóir sin.

- 5) Cuirfear iarrataisí a fhaightear tar éis an dáta dúnaidh ar liosta feithimh ina dhiaidh sin. Cuirfear na hiarrataisí sin san áireamh tar éis áiteanna a thairiscint d'iarrathóirí a fuarthas roimh an dáta dúnaidh.
- 6) Cuirfear deireadh le liosta feithimh ar an lá oibre deireannach roimh thosach na scoilbhliana don bhliain áirithe sin.

Tábla 2: Crítéir chlárúcháin:

1. Deartháireacha agus deirfiúracha dhaltáí atá nú a bhí ag freastal ar an scoil;
2. Leanaí fhoireann an Chólaiste;
3. Daltaí Ghaelscoil Charraig Uí Leighin agus daltaí Ghaelscoil na Dúbhghlaise;
4. Daltaí ó Ghaelscoileanna eile;
5. Daltaí ó bhunscoileanna eile nár clúdaíodh in 1-4 thuas.

Cuirfear iarrataisí faoi bhráid an Bhórd Bhainistíochta, ar na coinníollacha go gcuirfear na cáipeisí seo a leanas leis an iarratas:

1. Foirm iarratais chlárúcháin líonta ina iomlán;
2. Cóip de Theastas Breithe an pháiste;
3. Comhaontú le polasaithe na scoile (tar éis tairiscinte sealadaí)

Cuirfear na nascanna chuí chuig tuismitheoirí/caomhnóirí leis an tairiscint áite.

Tá an ceart ag an Bórd Bainistíochta 10% d'áiteanna in aon bhliain amháin a choimeád le tairiscint de réir tuairim an Bhóird, do chásanna eisceachtúla. Níor mhór cás speisialta a chur faoi bhráid an Bhóird sa chás seo. Déanfar scrúdú ar gach cás ina aonar, agus faoi choinníoll na gcrítéar a leagtar síos i dTábla 1.

2.4. Iarrataisí chun cláraithe i mbliain-ghrúpaí seachas an Chéad Bhliain, nú sa Chéad Bhliain tar éis tosach na scoilbhliana

Ní ghlacfar le hiarrataisí i rith na scoilbhliana ach amháin i gcásanna eisceachtúla, mar shampla, nuair a bhogann teaghlach isteach sa cheantar. Tá coinníollachtaí iarratais aistrithe leagtha amach i dTábla 3 thíos.

Cuirfear iarrataisí faoi bhráid údaras na scoile, ar na coinníollacha go gcuirfear na riachtanais seo a leanas leis an iarratas:

Tábla 3: Riachtanais chun iarratas aistrithe a dhéanamh

1. Foirm iarratais chlárúcháin líonta ina iomlán;
2. Cóip de Theastas Breithe an pháiste;
3. Agallamh dalta agus tuismitheora/caomhnora le húdaraí na scoile;
4. Litir ó thuismitheoir/chaomhnóir ag leagan amach cúis an iarratais;
5. Litir Mholta Scoile sínithe ag Príomhoide/Príomhoide Tánaisteach na scoile atá fágtha ag an dalta tar éis an t-aistriú a dhéanamh;
6. An dá thuairisc is deanaí scoile tar éis an dalta a chlárú sa scoil.

Tá an ceart an an mBórd Bainistíochta gan áit a thairiscint d'aon iarrathóir ar na cúiseanna seo a leanas:

1. Easpa spáis sa bhliain ghrúpa áirithe;
2. Easpa cumais na scoile ábhair roghnaithe an dalta a thairiscint dóibh;
3. Baol go mbeadh toradh diúltach ag áit a thairiscint ar an dalta féin;
4. Baol go mbeadh toradh diúltach ag áit a thairiscint ar dhaltaí cláraithe na scoile;

5. Gur deineadh dalta a dhíbirt ó scoil eile;
6. Go bhfuil drochthuairisc iompair ag an dalta i scoil eile;
7. Go bhfuil áit ag an dalta in iarbhunscoil eile.

2.5. Daltaí ar mhian leo bliain scoile a dhéanamh thar n-ais

Ní ghlacfar le daltaí bliain a dhéanamh thar n-ais ach amháin i gcásanna eisceachtúla agus ar chúiseanna inghlactha don Roinn Oideachais agus Scileanna, mar atá leagtha síos i gCiorcaláin M57/87, M33/89, M47/93 agus M2/95.

3. Próiseas Achomhairc

Tabharfar freagra ar gach iarratas mar atá leagtha amach thuas, más féidir laistigh de thréimhse lá is fiche. Sa chás nach féidir coinne a dhéanamh laistigh ag an bpointe sin, leagfar amach an próiseas a leanfar, i scríbhinn don iarrathóir laistigh de thréimhse lá is fiche.

Is féidir iarratas ar achomharc a dhéanamh leis an mBórd Bainistíochta. Muna bhfaightear toradh sásúil, is féidir iarratas ar achomharc a dhéanamh leis an Roinn Oideachais agus Scileanna, faoi Rannóg 29 den Acht Oideachais 1998. Cuirfear sonraí phróiseas an achomhairc faoi iamh sa litir diúltaithe.

4. Úsáid agus Stóráil Eolais

Coimeádann Gaelcholáiste Charraig Uí Leighin eolas clárúcháin. Úsáitear an t-eolas ar chúiseanna ar leith, mar atá leagtha amach i bPolasaí um Chosaint Eolais agus Sceideal um Choimeád Eolais na Scoile.

5. Foilsiúchán an Pholasaithe

Tá an polasaí se ar fail ar shuíomh gréasáin Ghaelcholáiste Charraig Uí Leighin, www.gaelcholaistecul.ie. Tá cóipeanna cruaidh ar fáil ach iad a lorg ar Phríomhoide na scoile.

Rinneadh athbhreithniú ar an bpolasaí seo ar an 15ú Deireadh Fómhair, 2019. Déanfar athbhreithniú bliantúil air.